Bord Forfheidhmithe Dhroichead Átha
Cruinniú 3: Dé hAoine, an 17ú Nollaig 2021 trí Zoom

Aontaíodh go dtabharfaí cuireadh do Chomhlachas Tráchtála Dhroichead Átha ionadaí a chur chun tosaigh chun suíochán a ghlacadh ar Bhord Forfheidhmithe Dhroichead Átha. Aontaíodh freisin go leithdháilfí dhá shuíochán ar an mBord don earnáil Pobail agus Dheonach. Rinneadh plé ar mheicníochtaí féideartha lena aghaidh seo agus cuirfear bailchríoch orthu seo i mí Eanáir, tráth a thionólfar cruinniú gairid den Bhord chun é sin a chomhaontú.

Rinneadh plé chomh maith ar théarmaí tagartha agus ar bhallraíocht na bhfoghrúpaí d'fhonn bailchríoch a chur orthu seo i mí Eanáir. Cuireadh béim ar an tábhacht atá le rannpháirtíocht éifeachtach an phobail i gcoitinne a éascú in obair an fhóghrúpa agus in obair an Bhoird.

Cuireadh roinnt nuashonruithe rannpháirtíochta foghrúpaí ar fáil, agus thuairiscigh go leor ball go bhfuil méid suntasach oibre á dhéanamh cheana féin ar an talamh maidir le gníomhartha a sheachadadh. Tá obair ar siúl chun áiteanna a shainaithint agus a leithdháileadh ar na grúpaí pobail agus deonacha. Aontaíodh go gcuirfeadh Comhordaitheoir Bhord Forfheidhmithe Dhroichead Átha éascaíocht agus tacaíochtaí riachtanacha eile ar fáil d'fhoghrúpaí.

Tá plean cumarsáide i bhfeidhm d'fhonn an pobal i gcoitinne a choinneáil ar an eolas i dtaca le hobair an Bhoird. Tá leathanach an Bhoird beo anois ar shuíomh gréasáin BOOLM agus tá suíomh gréasáin Bhord Forfheidhmithe Dhroichead Átha á chur le chéile, le tacaíocht ó bhaill foirne BOOLM.

Tugadh le fios go gcuirfí tús le hobair chun nuashonruithe a thiomsú le haghaidh na tuarascála dul chun cinn 6 mhí ó lár go deireadh mhí Eanáir 2021 d'fhonn a fhoilsithe ag deireadh mhí an Mhárta.

Tugadh le fios freisin go bhfuil maoiniú, a raibh géarghá leis, faighte ag Coiste Cúram Leanaí na Mónadh Móire chun oibreacha riachtanacha a chur i gcrích.